## *An Scéim maidir le Taibhithe Ceoil Bheo i Suíomhanna Cúraim Sláinte Cónaithe*

**Cúlra**

Thug an Clár Éire Ildánach an scéim maidir le *Cruthaitheacht do Dhaoine Níos Sine* isteach sa bhliain 2020 mar fhreagra ar phaindéim COVID 19 chun tacú le tionscnaimh chruthaitheachta ar leith a thacaíonn le cláir don dul in aois go dearfach agus folláine do dhaoine níos sine, a ghlacann an treoir maidir le sláinte phoiblí sa phobal, agus do shaoráidí cúraim sláinte, san áireamh.

Léiríodh go raibh ról tábhachtach ag rannpháirtíocht sa chruthaitheacht, cibé más rannpháirtíocht ghníomhach nó éighníomhach atá i gceist, maidir le folláine agus sláinte dhearfach a chur chun cinn toisc go gcruthaíonn sé spás chun nasc sóisialta a dhéanamh, rud a fheabhsaíonn féinmheas agus teacht aniar. Cuidíonn sé le daoine faoiseamh a fháil ó strus agus a scíth a ligean agus tacaíonn sé le daoine a sláinte agus folláine a bhainistiú agus biseach a fháil.

Sa taighde a rinneadh i Staidéar Fadama na hÉireann ar Dhul in Aois i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar taighde é a choimisiúnaigh Clár Éire Ildánach[1], agus san Institiúid um Shláinte Phoiblí, rinneadh scrúdú ar na himpleachtaí atá ann don tsláinte agus folláine maidir leis na healaíona agus an chruthaitheacht amach sa saol. Fuarthas amach sa dá thuarascáil go raibh ceangal dearfach idir rannpháirtíocht chruthaitheachta agus sláinte agus folláine. Fuarthas amach sa tuarascáil maidir le Staidéar Fadama na hÉireann ar Dhul in Aois go bhfuil caighdeán na beatha níos airde ag daoine fásta níos sine a ghlacann páirt i

[1] https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2021/11/2021_ResearchBrief_CreativeActivity-1.pdf

ngníomhaíochtaí cruthaitheachta agus gurb iad is lú is dócha a bheadh uaigneach, in ísle brí agus faoi strus ná a gcomhaoisigh nár ghlac páirt. Fuarthas amach sa tuarascáil ón Institiúid um Shláinte Phoiblí go gcuidíonn rannpháirtíocht sna healaíona grúpa agus idirghabhálacha cruthaitheachta leis na gnéithe fisiciúla, meabhracha agus sóisialta a bhaineann le dul in aois.

**Cuspóirí na Scéime**

Trí thaibhithe ceoil bheo i suíomhanna cúraim sláinte cónaithe, is iad seo a leanas cuspóirí na scéime:

- tacú le bheith ag dul in aois go dearfach,
- aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le haonrú sóisialta,
- deiseanna rannpháirtíochta cruthaitheachta a chur ar fáil do dhaoine níos sine i saoráidí cúraim sláinte cónaithe.

Mar aitheantas ar an obair leanúnach as cuimse a rinne údaráis áitiúla a chomhoibrigh le taibheoirí ceoil bheo agus le suíomhanna cúraim sláinte cónaithe le linn na paindéime, d’aontaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus an tAire Sláinte go leanfaí ar aghaidh ag cómhaoiniú tograí ar éirigh leo maidir le ceol beo i saoráidí cúraim sláinte cónaithe.  Éascófar é sin trí na cláir uile-Rialtais in Éire Ildánach agus Éire Shláintiúil.

**Maoiniú**

Tá *Taibhiú Ceoil Bheo i Suíomhanna Cúraim Sláinte Cónaithe* cómhaoinithe ag Éire Ildánach agus ag an Roinn Sláinte. Is €200,000 an maoiniú atá ar fáil don scéim seo in 2024.

**Riachtanais Ghinearálta**

1. Tugtar cuireadh d’Fhoirne Cruthaitheachta agus Cultúir na n-údarás áitiúil togra aonair comhtháite a chur isteach faoin Scéim maidir le Taibhiú Ceoil Bheo i Suíomhanna Cúraim Sláinte Cónaithe 2024.

2. Ní mór do na tionscnaimh ar éirigh leo a bheith curtha i gcrích tráth nach deireanaí ná mí na Samhna 2024.
3. Ní mór tograí ón bhFoireann Cruthaitheachta agus Cultúir a bheith in ann na nithe seo a leanas a léiriú:
   - (i) caighdeán cruthaitheachta a léiriú ina mbeidh teacht suntasach agus leanúnach ag an bpobal níos sine orthu - níl an scéim ag díriú ar mhaoiniú a chur ar fáil d'imeachtaí aon uaire;
   - (ii) soláthar a dhéanamh do thuairisciú deireanach;
   - (iii) a thaispeáint go soiléir go bhfuil baint i bpáirt ag comhghleacaithe údaráis áitiúil atá ag obair chun tacaíocht a thabhairt do na Cláir maidir le hAoisbhá Éireann agus Éire Shláintiúil;
   - (iv) litir thacaíochta a chur isteach ó bhainisteoirí ábhartha saoráidí cúraim sláinte nó ó bhainisteoir ábhartha CHO HSE, áit a bhfuiltear ag súil go ndéantar teagmháil leis na daoine sin atá ina gcónaí i suíomhanna cúraim sláinte cónaithe; agus
   - (v) a bheith inbhuanaithe i bhfianaise an chineáil comhairle sláinte poiblí atá ag forbairt agus i bhfianaise leochaileacht na ndaoine den phobal níos sine - ní mór tionscnaimh ar éirigh leo a chur ar fáil agus aon chomhairle ábhartha sláinte poiblí atá ann faoi láthair a chomhlíonadh go hiomlán.
   - (vi) Ní mór a bheith ábalta a léiriú go bhfuil taibhiú ceoil bheo d'ardchaighdeán i gceist sna tograí.
   - (vii) Ní mór soláthar éigin a bheith sa togra do chomhairliúchán roimh ré chun tuiscint a fháil ar riachtanais áitiúla chruthaitheachta.
   - (viii) Ba cheart soláthar a bheith sna tograí chun 2 chuairt ar a laghad a thabhairt ar gach saoráid lena mbaineann. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú suas go €15,000 ar fáil do thograí aonair údaráis áitiúil agus ní chuirfear an t-uasmhéid ar fáil ach amháin sa chás go bhfuil fianaise ann go bhfuil an scála cuí.

Níor cheart do gach údarás áitiúil ach 1 aighneacht amháin a chur isteach. Mar sin féin, is féidir le suas le trí údarás áitiúla oibriú i gcomhar ar thogra agus an maoiniú atá ar fáil a roinnt d'fhonn aon scálaí eacnamaíochta atá ar fáil a réadú, e.g., is féidir togra i gcomhar ó dhá údarás áitiúla le haghaidh suas go €30,000 nó ó thrí údarás áitiúla le haghaidh suas go €45,000 a chur isteach. I dtograí mar sin, ní mór an scála eacnamaíochta a leagan amach go soiléir.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach agus an Roinn Sláinte measúnú ar na tionscadail nuair a bheidh siad críochnaithe agus beidh an-fháilte roimh do chomhoibriú le linn an phróisis seo.

**Dátaí Tábhachtacha**

**22 Eanáir** – An Ciste Oscailte d'Iarratais
Tá foirm iarratais Submit.com ar fáil **anseo**
**12 Feabhra** – Seisiún Faisnéise ar Líne
Seimineár gréasáin ar líne a thabharfaidh léargas ginearálta ar an gciste agus seisiún Ceisteanna agus Freagraí.
**19 Feabhra** — Dáta deiridh. Ba chóir tograí a chur faoi bhráid faoin dáta seo trí submit.com.
**Samhain 2024** — An spriocdháta chun cistí a tharraingt anuas.
Beidh tréimse na dtionscadal ar siúl ó Aibreán 2024 go Samhain 2024.
Cuirfear gach iarratasóir ar éirigh leis agus gach iarratasóir nár éirigh leis ar an eolas faoin toradh faoin 29 Feabhra 2024.
Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin scéim maoinithe nó faoin bpróiseas iarratais, seol ríomhphost chuig creativeireland@tcagsm.gov.ie trí "Scéim Maoinithe don Taibhiú Ceoil Bheo 2024" a chur sa líne ábhair.

**An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe**

1. Is é **Dé hAoine an 19 Feabhra 2024** (deireadh an lae gnó) an dáta deiridh le hiarratais a chur ar aghaidh.
2. **Ní mór iarratais a chur ar aghaidh ar submit.com anseo agus ba chóir go ndéanfaí cur síos soiléir ar na nithe seo a leanas:**

(i) an clár cruthaitheach rannpháirtíochta, an sceideal seachadta agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo;
(ii) mar a bhainfear amach cuspóirí Scéim Ceoil Bheo 2024;
(iii) taithí agus saineolas chomhpháirtithe agus bhainisteoirí an chláir; agus
(iv) costais, lena n-áirítear costais a maoiníodh ó fhoinse eile, agus méid an mhaoinithe atáthar a iarraidh faoin scéim seo.

3. Déanfar iarratais a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

| **Critéar** | **Marcanna atá ar Fáil** |
|---|---|
| Caighdeán an togra i dtaobh chuspóirí an chláir a bhaint amach | 35 |
| Taithí agus saineolas na foirne | 35 |
| An luach ar airgead measta | 30 |
| Iomlán | 100 |

4. Breithneofar le linn an phróisis measúnaithe an gá atá le scaipeadh cothrom réigiúnach a dhéanamh ar na tionscnaimh ar fud na scéime.
5. Má tá fadhbanna ag iarratasóirí rochtain a fháil ar an iarratas ar submit.com, seol ríomhphost chuig creativeireland@tcagsm.gov.ie le haghaidh cúnamh a fháil roimh an 24 Eanáir 2024.

## Aguisín

## Réimse chineál na dtionscadal a fuair tacaíocht roimhe seo

**Cé na cineálacha tionscadal ar éirigh leo?**

Maoiníodh réimse de chineálacha éagsúla tionscadal, ina measc tionscadail atá fréamhaithe i saintraidisiún áitiúil, go dtí tionscadail eile a bhí ar scála náisiúnta, ag tacú dá bharr le rogha leathan den rannpháirtíocht chruthaitheach. Tá rogha léirítheach de na tionscadail a fuair maoiniú tugtha thíos.

***Rocking and Bopping sa Longfort***

D'fhostaigh *Rocking and Bopping* sa Longfort ceoltóirí traidisiúnta agus seó-bhannaí áitiúla chun cuairt a thabhairt ar cheithre shaoráid cúraim sláinte cónaithe sa Longfort roinnt uaireanta. Áireoidh ar na cuairteanna sin imeacht speisialta ina leabharlann suímh le sólaistí. Faoin tionscadal seo cuireadh siamsaíocht bheo cheoil ar fáil don phobal níos sine atá ag cónaí sna saoráidí cúraim faoi láthair agus tugadh tacaíocht do cheoltóirí óga agus do cheoltóirí a bhfuil taithí acu sa chontae araon. Tugadh cuireadh do ghrúpaí gníomhaíochta lucht scoir áitiúla eile freisin chuig an imeacht áit a raibh urlár damhsa taobh agus ceann taobh amuigh freisin ag brath ar an aimsir. Chuidigh Seirbhís Ealaíon Chomhairle Chontae an Longfoirt le héisteachtaí agus le hearcú na gceoltóirí áitiúla. Bhí ceoltóirí amhail Declan Nerney ina nAmbasadóirí Aoisbháúla agus bhí sé ina fhear an tí ag roinnt de na himeachtaí.

***Musicians on Call** i gComhairle Contae agus Cathrach Luimnigh agus i gComhairlí Contae an Chláir agus Thiobraid Árann leis na comhpháirtithe ealaíonta Music & Health Ireland*

Tionscadal a bhí i Musicians-on-Call inar nascadh deiseanna ceoil bheo dírithe ar dhaoine le cónaitheoirí agus foireann cúraim sláinte i dTithe Altranais agus Ospidéil Phobail san Iarthar Láir. Foireann réigiúnach san Iarthar Láir de cheoltóirí gairmiúla a bhfuil oiliúint speisialta orthu a chuireann an tionscadal seo ar fáil i gcomhar le Music & Health Ireland. Tá an cur chuige bunaithe ar chothromas taithí do gach duine agus ar ócáid shóisialta roinnte. Áirítear ar na príomhghnéithe toraidh an tionscadail seo foireann réigiúnach de cheoltóirí gairmiúla de chuid Music & Health

Ireland a fhorbairt mar aon le tacaíocht chun go mbeidh muinín agus scileanna ceoil níos fearr ag an bhfoireann cúraim sláinte chun cuidiú lena gcónaitheoirí le linn an chláir Musicians-On-Call agus ina dhiaidh sin.